# Dréacht

# Straitéis Oidhreachta Contae na Mí 2023-2030

Straitéis arna hullmhú ag Fóram Oidhreachta Chontae na Mí

Meán Fómhair na bliana 2023

DRÉACHT

comhairle chontae na mí
meath county council

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

## Clár

**Buíochas**

**Brollach**

**Réamhrá**

**Comhthéacs Straitéis na hOidhreachta**

**Scóip Straitéis Oidhreachta Chontae na Mí 2023-2030**

**Treoirphrionsabail**

**Ullmhú Dréacht-Straitéis Oidhreachta na Mí 2023-2030**

**Téamaí agus Cuspóirí Straitéiseacha**

**Cur i bhfeidhm – conas a dhéanfar á sheachadadh**

**Monatóireacht agus Measúnú**

**Aguisíní (le cur leis an straitéis deiridh)**

DRÉACHT

**Réamhrá**

Tá stór na suíomhanna oidhreachta le suntas náisiúnta agus idirnáisiúnta acu as an ngnáth i gContae na Mí. Ina measc, tá an léiriú is mó agus is tábhachtaí den ealaín mheigiliteach réamhstairiúil san Eoraip agus an sampla is fearr de thuamaí pasáiste Neoiliteacha ag Brú na Bóinne, arna meas ag na Náisiúin Aontaithe go bhfuil Sár-Luach Uilíoch ag baint leo, rud a chiallaíonn '*tábhacht chultúrtha agus/nó nádúrtha chomh heisceachtúil sin le sárú na dteorainneacha náisiúnta. agus lena mbaineann an chomhthábhachtacht do ghlúine an lae inniu agus do na glúine atá le teacht den chine daonna ar fad*[1]' (inscríofa ar an Liosta na hOidhreachta Domhanda sa bhliain 1993); príomhchathair ársa na hÉireann agus suíomh Ard-Rí i dTeamhrach (cuid de *Shuíomhanna Ríoga na hÉireann* atá ar Liosta Sealadach Domhanda na hOidhreachta d'Éirinn sa bhliain 2022); na tuamaí pasáiste i Loch Craobh; an caisleán Angla-Normannach is mó in Éirinn i mBaile Átha Troim; bailte stairiúla agus sráid-dreacha na hUaimhe, Bhaile Átha Troim agus Cheanannais; samplaí iontacha de na tithe móra agus den thírdhreach diméine ón 18ú agus 19ú haois; oidhreacht thionsclaíoch shuntasach na gcanálacha agus na muilte agus oidhreacht ilghnéitheach an dúlra le gleannta abhann áille, le goirt droimneacha, le gréasán na bhfálta sceach aibí agus le gnáthóga an chósta. Déanann tírdhreach ar leith na Mí ár mealladh, ár múineadh, ár spreagadh, ár gchothú agus ár gceangal le cheile.

Tugann oidhreacht carachtar agus sainiúlacht áitiúil ar leith do gach baile, gach sráidbhaile agus gach ceantar tuaithe sa chontae, rud a chuireann le tuiscint láidir na háite agus is cúis mhórtais í dá muintir agus dá pobail. Cuireann cur chuige dearfach i leith bainistíocht na hoidhreachta le caighdeán na beatha agus le hinbhuanaitheacht na timpeallachta agus cinnteoidh sé gur mór an leas dúinn í an oidhreacht chultúrtha agus an dúlra againne a chuidíonn leis an gcontae dul san iomaíocht mar cheann scríbe na turasóireachta cultúrtha agus mar rogha na shuíomhanna le haghaidh na hinfheistíochta isteach.

Cheap Comhairle Contae na Mí Oifigeach Oidhreachta den chéad uair sa bhliain 2003, mar chomhpháirtíocht straitéiseach leis an gComhairle Oidhreachta faoi Chlár Oifigeach

[1]*EOECNA, Treoirlínte Oibriúcháin maidir le Cur i bhFeidhm Coinbhinsiún Domhanda na hOidhreachta* (2021)

DRÉACHT

Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil. Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae na Mí suim, oideachas, eolas agus mórtas in oidhreacht Chontae na Mí a chur chun cinn trí:

- Fóram Oidhreachta an Chontae a éascú agus oibriú i gcomhar leis an bhFóram chun Straitéis Oidhreachta Chontae na Mí a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na geallsealbhóirí agus leis na pobail áitiúla
- An feasacht ar oidhreacht na Mí a ardú
- Eolas agus comhairle a chur ar fáil do Chomhairle Contae na Mí agus don phobal ar dheachleachtas maidir le caomhnú agus bainistíocht na hoidhreachta
- Oibriú i gcomhar leis na pobail áitiúla agus leis na geallsealbhóirí eile chun dul i ngleic gníomhach leis an oidhreacht agus lena cúram
- Sonraí na hoidhreachta a chomhordú agus tabhairt faoi thaighde na hoidhreachta
- An oidhreacht a chur isteach mar chuid de beartais, de phleananna agus de thionscadail an Údaráis Áitiúil

Arna éascú ag Foireann Oidhreachta Chomhairle Contae na Mí,, d'ullmhaigh Fóram Oidhreachta an Chontae  an dréachtstraitéis seo tar éis próiseas fairsing an chomhairliúcháin réamhdhréachta poiblí. Is grúpa neamhreachtúil é Fóram Oidhreachta an Chontae a bhunaigh Comhairle Contae na Mí sa bhliain 2006, chun cabhrú le hullmhlú agus le cur i bhfeidhm Straitéis Oidhreachta Chontae na Mí. Áirítear ar an mballraíocht ionadaithe tofa, ionadaithe ó earnálacha an phobail agus deonach agus raon leathan eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí an stáit a bhfuil suim ghníomhach acu in oidhreacht na Mí nó atá freagrach aisti. Rinneadh athbhreithniú ar bhallraíocht Fhóram na hOidhreachta agus tá an bhallraíocht reatha le feiceáil in Aguisín I.

***Comhthéacs Straitéis na hOidhreachta***

Is caipéis neamhreachtúil í (Dréacht-)*Straitéis Oidhreachta Chontae na Mí 2023-2030*, atá straitéiseach ó nádúr,  agus leagtar amach inti obair Chomhairle Contae na Mí i gcomhar le gníomhaireachtaí an stáit, le hearnálacha an phobail agus deonach agus leis an bpobal i gcoitinne maidir le clár oibre na hoidhreachta a chur ar fáil i leith na Mí.

Tá sé mar aidhm ag Straitéis Oidhreachta an Chontae tosaíochtaí na gníomhaíochta a aithint, creat a bhunú do bhainistiú na hoidhreachta ag an leibhéal áitiúil agus feasacht, tuiscint agus taitneamh ar an oidhreacht tógtha, ar oidhreacht dúlra agus ar oidhreacht chultúrtha na Mí a mhéadú do gach éinne.

D'fhoilsigh an rialtas plean oidhreachta náisiúnta nua na hÉireann ***Oidhreacht Éireann 2030: Creat na hOidhreachta*** sa bhliain 2022 a gheall tacaíocht fheabhsaithe do na húdaráis áitiúla, d'Fhóraim Oidhreachta na gContaetha/na gCathracha, do Chomhairle na hOidhreachta, agus d'éinne eile ag obair i dteagmháil oidhreachta an phobail. Séard ata mar ghníomh aige ná '*Leanúint le hullmhú agus le cur i bhfeidhm Pleananna Oidhreachta na gContaetha/na gCathracha agus na hacmhainní a chur ar fáil dá gcur i bhfeidhm d'fhonn a gcuid éifeachtachta agus a gcuid chúnamh a uasmhéadú i seachadadh Oidhreacht Éireann 2030 (Gníomh 148)*'. Léiríonn na téamaí straitéiseacha atá leagtha amach sa straitéis seo téamaí straitéiseacha **Oidhreacht na hÉireann 2030**: Na Pobail agus an Oidhreacht; An Cheannaireacht agus an Oidhreacht; agus Comhpháirtíochtaí na hOidhreachta.

Sa bhliain 2023, d'fhoilsigh an Chomhairle Oidhreachta a plean straitéiseach nua **An Áit Againne i dTráth na Staire** (*Our Place in Time*) inar leagadh amach conas a ndéanfar earnáil na hoidhreachta a stiúiriu, a fhorbairt agus a leathnú sa chúig bhliain suas go dtí 2028. Tá an Dréacht-Straitéis Oidhreachta ar aon dul le croílár agus le spriocanna na straitéise.

Leagann an **4ú Dréachtphlean Gníomhaíochta Náisiúnta na Bithéagsúlachta de chuid na hÉireann**, a foilsíodh i mí Samhna na bliana 2022, amach na bunathruithe is gá a dhéanamh maidir le cosaint agus le meas a chur ar an dúlra in Éirinnl thar thréimhse na mblianta 2023-2027 agus leagann sé béim ar phríomhról an údaráis áitiúla maidir leis an mbithéagsúlacht a chosaint agus le teagmháil a dhéanamh leis an bpobil chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail agus do thionscnaimh áitiúla na bithéagsúlachta.

D'aithin Comhairle Contae na Mí tábhacht na hoidhreachta sa **Phlean Corparáideach (2019-2024)** aici ina bhfuil straitéis tacaíochta chun '*ár n-oidhreacht a bhainistiú agus a chosaint agus chun an tuiscint agus an taitneamh a bhaint aisti a chur chun cinn*'.

Sé **Plean Forbartha Chontae na Mí, 2021-2027** an creat reachtúil a leagann amach an straitéis iomlán maidir le húsáid na talún, le beartais agus cuspóirí pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an chontae, agus le cuspóirí eile an údaráis áitiúil, de réir na reachtaíochta lena mbaineann. Tá roinnt beartas agus cuspóirí ann chun oidhreacht dúlra agus chultúrtha na Mí a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú. Comhlíonann ullmhú agus cur i bhfeidhm Straitéis Chontae na Mí an chuspóir de chuid Phlean Forbartha Chontae na Mí 2021-2027 *'chun Plean Oidhreachta Chontae na Mí agus aon leasuithe air a chur i bhfeidhm, i gcomhar le Fóram Oidhreachta Chontae na Mí, leis na geallsealbhóirí ábhartha, agus leis an bpobal'.*

Tríd an obair á dhéanamh ag Foireann an Chultúir agus na Cruthaitheachta laistigh de Chomhairle Contae na Mí, is tosaíocht straitéiseach de chuid **Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta na Mí 2023-2027** ná *'dul i ngleic cruthaitheach leis na pobail chun oidhreacht an dúlra, thógtha agus chultúrtha againne a thaifeadadh agus a chur in iúl'.*
Tá sé mar chuspóir ag **Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chontae na Mí 2023-2029** go ndéanfaidh an Mhí *'a cultúr agus a hoidhreacht shaibhir a cheiliúradh agus a chur chun cinn atá mar chúis meallta dá cuid chónaitheoirí agus do chuairteoirí uirthi'.*

Sa bhliain 2019 rinneadh  ghlac Comhairle Contae na Mí ról mar comhpháirtí i b**Plean Uile-Éireann um Phailineoirí** agus ghlac sí go dtacóidh sí le héiteas an Phlean ina cuid phleananna agus ina cuid bheartais agus go ndéanfaidh sí roinnt gníomhaíochtaí fianaise-bhunaithe chun cabhrú le beacha, le feithidí pailniúcháin eile agus leis an mbithéagsúlacht níos leithne.

Éillíonn an tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus na Forbartha Ísealcharbóin (Leasú) 2021 go n-ullmhóidh gach Údarás Áitiúil plean gníomhaíochta údaráis áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide agus tá ***Treoirlínte Phlean Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil*** foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá pleananna earnála an oiriúnaithe i leith na bithéagsúlachta, na hoidhreachta tógtha agus na seandálaíochta i bhfeidhm ón mbliain 2019 i leith faoin gCreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide.

Rinne Tionscadal Éireann 2040 agus an Plean Forbartha Náisiúnta - chomh maith le Ár dTodhchaí Comhroinnte de chuid Chlár don Rialtas (2020); Straitéis Náisiúnta an  Tírdhreacha 2015 – 2025; Áiteanna don Mhuintir – Beartas  Ailtireachta an Rialtais; Creat agus Prionsabail



DRÉACHT

um an Oidhreacht Seandálaíochta a Chosaint; Traidisiún Beo: Straitéis chun Feabhas a chur ar Thuiscint, ar Chothabháil agus ar Láimhsiú ár nOidhreacht Dhúchasach Tógth; Beartas Tús Áite do Lár an Bhaile (2022) agus Clár Éire Ildánach - eolas do Dhréacht-Straitéis Oidhreachta na Mí freisin.

***Scóip Straitéis Oidhreachta Chontae na Mí 2023-2030***

Tiocfaidh *Straitéis Oidhreachta Chontae na Mí* in ionad Plean reatha na hOidhreachta do Chontae na Mí agus baineann sí le tréimhse na mblianta 2023 go 2030. Tugann an Straitéis deis tógáil agus comhdhlúthú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar na héachtaí a rinneadh trí chur i bhfeidhm an chéad agus an dara Plean Oidhreachta an Chontae. Geallann sí go leanfaidh sí ar aghaidh ag obair le chéile leis an bpobal agus leis na geallsealbhóirí chun an fheasacht, an tuiscint agus an léirthuiscint ar shócmhainní oidhreacht an dúlra agus cultúrtha na Mí a ardú. Léiríonn sí fís i leith bhainistiú inbhuanaithe oidhreacht na Mí suas go dtí an bhliain 2030 agus is deis í chun saincheisteanna agus riachtanais na hoidhreachta a aithint ar leibhéal an chontae, agus chun aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal áitiúil laistigh de chreat réigiúnach agus náisiúnta. Féachann sí freisin le tógáil ar an obair atá ar siúl faoi láthair sa chontae ag na gníomhaireachtaí, ag na heagraíochtaí, ag na pobail, ag na grúpaí agus ag na daoine éagsúla ar leith agus le tacaíocht a thabhairt dóibh.

Agus é ag léirmhíniú scóip na hoidhreachta le cur san áireamh sa phlean, tá an Fóram á threorú ag an Acht Oidhreachta (1995) a luann gur chuid den oidhreacht náisiúnta a leithéid a leanas: séadchomharthaí, tírdhreacha, réada na seandálaíochta, muirdhreacha, réad na hoidhreachta, longbhristacha, oidhreacht na hailtireachta, an gheolaíocht, an flóra, an fána, gairdíní agus páirceanna na hoidhreachta, na huiscebhealaí intíre agus gnáthóga an fhiadhúlra.

Ghlac an Fóram le leathnú a dhéanamh ar an sainmhíniú thuas chun an oidhreacht thionsclaíoch, an oidhreacht dhúchasach, an oidhreacht shóisialta, an béaloideas agus saol an choismhuintir, an ginealas, na logainmneacha, stair na háite agus an oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe a chur san áireamh.

DRÉACHT

I mí Nollaig na bliana 2015, dhaingnigh Éire Coinbhinsiún EOECNA 2003 um an Oidhreacht Chultúrtha Doláimhsithe a Chosaint. Déanann an oidhreacht chultúrtha doláimhsithe tagairt *'do cleachtais, do léirithe, d'eolas, do scileanna chomh maith leis na huirlisí, na rudaí, na déantáin agus na spásanna cultúrtha a mbaineann leo a aithníonn na pobail, na grúpaí agus, i gcásanna áirithe, na daoine ar leith mar chuid dá gcuid oidhreacht chultúrtha. Déanann na pobail agus na grúpaí an oidhreacht chultúrtha doláimhsithe seo, a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin, a athchruthú i gcónaí mar fhreagra ar a dtimpeallacht, ar an idirghníomhú acu leis an dúlra agus ar a gcuid staire, agus cuireann sí meoin na féiniúlachta agus an leanúnachais ar fail dóibh, rud a chothaíonn an meas acu ar éagsúlacht an chultúir agus ar chruthaitheacht an duine'.*

Áirítear leis an oidhreacht chultúrtha doláimhsithe na traidisiúin nó nathanna beo a fuarthas ónár sinsir agus a cuirtear ar aghaidh chuig ár sliocht, ar nós na traidisiúin ó bhéal, na cleachtais shóisialta, an t-eolas agus na cleachtais a mbaineann leis an dúlra agus leis an gcruinne nó eolas agus scileanna na ceardaíochta traidisiúnta. I measc na ndualgas ar Éirinn faoi Choinbhinsiún 2003, tá bunú an Fhardail Náisiúnta um an Oidhreacht Chultúrtha Doláimhsithe chun cleachtais, nósanna, ceardaíocht agus traidisiúin oidhreacht chultúrtha bheo na hÉireann a chosaint, a chur chun cinn agus a cheiliúradh.

Bhí ullmhú na Straitéise á threorú ag *Modheolaíocht d'Oifigigh Oidhreachta na n-Údarás Áitiúil ar Ullmhú Pleananna Oidhreachta na gContaetha/na gCathracha* arna chur le cheile ag an gComhairle Oidhreachta.

Ag teacht le Dualgas um Chomhionannas agus na Cearta Daonna san Earnáil Poiblí, geallann Comhairle Contae na Mí an comhionannas a chur chun cinn, an idirdhealú a chosc, agus cearta daonna na bhfostaithe, na gcustaiméirí, na n-úsáideoirí seirbhíse agus gach éinne eile a théann na beartais agus na bpleananna aici i bhfeidhm orthu a chosaint.

***Treoirphrionsabail***

Bunaíodh forbairt Straitéis Oidhreachta an Chontae ar roinnt príomhphrionsabal a dtabharfar aird orthu agus á cur i bhfeidhm.

- Bainfimid treoir ó na croíluachanna atá mar bhonn gach ngníomh againn mar atá leagtha amach i b*Plean Corparáideach Chomhairle Contae na Mí 2019-2024*, lena n-áirítear: *Dírithe go láidir ar chustaiméirí, ar shaoránaigh agus ar an bpobal; Ardcaighdeáin an iompair, an ionracais agus na neamhchlaontachta; Cuntasacht, Inrochtain agus Freagracht; Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht; agus Ionracas agus Meas ar gach éinne*
- Tuigimid go bhfuil gá le cur chuige ildisciplíneach iomlánaíoch maidir le bainistiú agus caomhnú acmhainní na hoidhreachta agus le tuiscint a fháil ar nádúr comhtháite ár an oidhreacht tógtha, an dúlra agus cultúrtha againne.
- Geallaimid go dtacóimid leis an ról ríthábhachtach atá ag pobail maidir lena n-oidhreacht áitiúil a chosaint agus a chur chun cinn agus aithnímid an ról aq d'fhéadfadh an oidhreacht a imirt chun glacadh leis an éagsúlacht agus leis an lánpháirtíocht sóisialta.
- Glacaimid le Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe um an bhForbairt Inbhuanaithe agus an 17 Sprioc na Forbartha Inbhuanaithe.
- Oibreoimid i gcomhar leis na príomhgheallsealbhóirí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tosaíochtaí Straitéis na hOidhreachta a sheachadadh.
- Déanfaimid téamaí gaolmhara agus trasghearrtha athrú na haeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta a mheas agus an straitéis seo á chur i bhfeidhm againn

DREACHT

***Ullmhú Dréacht-Straitéis Oidhreachta na Mí 2023-2030***

Tar éis cur chuige a chomhaontú, cuireadh tús le próiseas ullmhúcháin na straitéise i mí Eanáir na bliana 2023 le ceardlann de chuid Fóram Oidhreachta an Chontae chun na príomhcheisteanna agus na dúshláin a mbaineann le hoidhreacht na Mí a phlé agus chun na príomhthéamaí/réimsí ar cheart díriú orthu sa straitéis nua a mholadh. Bunaithe ar thorthaí na ceardlainne, cuireadh suirbhé comhairliúcháin poiblí réamhdhréachta le cheile a d'iarr, i measc ceisteanna eile, ar an bpobal an cúig réimse/téama straitéiseach ba thábhachtaí, dar leo, ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh a rangú ó dhréachtliosta thrí cinn déag acu agus na réimsí/téamaí eile nach raibh san áireamh lena mbreithniú a mholadh.

Reáchtáladh an próiseas comhairliúcháin poiblí réamhdhréachta ón 31 Eanáir go dtí an 1 Márta 2023 (an dá lá san áireamh). Bhí suirbhé comhairliúcháin réamhdhréachta ar fáil ar líne ag consult.meath.ie agus tugadh cuireadh don phobal freisin freastal ar shé sheisiún faisnéise buail isteach a reáchtáladh i ngach Ceantar Bardasach i rith Mí Feabhra na bliana 2023. Fógraíodh an próiseas sa *Meath Chronicle,* ar www. meath.ie agus ar na hardáin meán sóisialta de chuid Chomhairle Contae na Mí. Ina theannta sin, iarradh aighneachtaí ó liosta fairsing na ngeallsealbhóirí lena n-áirítear na hionadaithe tofa, gníomhaireachtaí an rialtais agus stáit, Líonra Rannpháirtíochta an Phobail, Liosta rPhoist Oifig Oidhreachta na Mí, Liosta rPhoist Sheirbhísí Leabharlann na Mí, Ballraíocht Chumann Seandálaíochta agus Staire na Mí, Comhairle Óg na Mí, agus Comhordaitheoirí na hIdirbhliana i Meánscoileanna na hUaimhe.

Fuarthas 306 aighneacht réamhdhréachta, agus d'fhreastail 63 dhuine ar na seisiúin faisnéise buail isteach. Rinne Fóram Oidhreacht an Chontae na haighneachtaí réamhdhréachta a mheas ag na ceardlanna a reáchtáladh ar an 30 Márta, ar an 28 Aibreán agus ar an 16 Bealtaine 2023 agus bhí lárthionchar acu maidir leis an eolas agus leis an tosaíocht a thabhairt do théamaí agus do chuspóirí straitéiseacha na Dréachtstraitéise.

Cuireadh na téamaí agus na cuspóirí straitéiseacha a moladh faoi bhráid an Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) um Pleanáil, Forbairt Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Gnóthaí Eorpacha lena gcur san áireamh sa dréachtstraitéisan ar an 6 Iúil, 2023 agus mhol comhaltaí an CBS don Ghrúpa Beartais Chorparáidigh go gcuirfí an Dréachtstraitéis ar taispeáint poiblí i mí Mheán Fómhair.

DRÉACHT

Tá an straitéis faoi réir scagadh Measúnaithe Cuí, faoi Threoir Gnáthóga an AE.

DRÉACHT

***Dréacht-théamaí Straitéiseacha***

| | |
|---|---|
| **Téama Straitéiseach 1**<br>***Tacaíocht a thabhairt do Chaomhnú, do Bhainistíocht, do Chosaint agus do Léirmhíniú suíomhanna na hoidhreachta (sé sin, Séadchomharthaí/Reiligí Stairiúla/Limistéir Chaomhnú na hAiltireachta/Struchtúir Chosanta) i gcomhar leis na geallsealbhóirí*** | Comhairle dea-chleachtas an chaomhantais a chur ar fail agus tacaíocht a thabhairt d’úinéirí/d'áititheoirí na Struchtúr Cosanta agus dóibh siúd laistigh de Limistéir Chaomhnú na hAiltireachta agus an Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha agus Ciste na Struchtúr Stairiúil a riar i gcomhar le hAonad Beartas na Timpeallachta Tógtha. |
| | Liosta sócmhainní na hoidhreachta atá in úinéireacht nó dílsithe do Chomhairle Contae na Mí a chur le chéile agus tacaíocht a thabhairt do chaomhnú agus do chosaint a leitheíd sócmhainní trí dhíriú ar thús a chur le dhá thionscnamh/tionscadal an chaomhantais in aghaidh na bliana. |
| | Treoir agus comhairle na hoidhreachta agus an chaomhnaithe a chur ar fail, thar na ranna éagsúlaa laistigh de Chomhairle Contae na Mí, chun tacú le seachadadh na dtionscadal maidir le lárionaid stairiúla na mbailte agus na sráidbhailte a athbheochan agus a fheabhsú a dhéanfaidh cabhrú le caomhnú, le hathchóiriú, le hathúsáid oiriúnaitheach agus le hathfhorbairt sráid-dreacha stairiúla na bhfoirgneamhn, lena n-áirítear uasghrádú aghaidheanna na siopaí agus an réimse poiblí (m.sh. Cuid 8, An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach Tionscnamh na mBailte Stairiúla, Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte, Ciste Bonneagar na Follaine faoin Aer, CLÁR, Tionscnaimh Athbheochan na mBailte agus Tionscnaimh Tús Áite Lár an Bhaile) |
| | Teagmhail a dhéanamh leis na geallsealbhóirí lena mbaineann le haghaidh rochtain agus léirmhíniú feabhsaithe ar shuíomhanna na hoidhreachta a spreagadh agus a thacú (nuair is gá) |

DRÉACHT

| | |
|---|---|
| | |
| | Cur i bhfeidhm Pleananna um Bainistíocht an Chaomhnaithe i leith shuímhanna na oidhreachta a choimisiúnú agus a acmhainniú (de réir mar is cuí), agus clár cothabhála a fhorbairt agus acmhainní a chur ar fáil do shuíomhanna inar ndearnadh obair caomhantais |
| | Luach oidhreacht dhúchasach na Mí achur chun cinn e.g. foirgnimh tuí agus struchtúir dhúchasacha (uirbeacha agus tuaithe) agus tacaíocht a thabhairt don Traidisiún Beo, Straitéis chun Feabhas a chur ar Thuiscint, ar Chothabhail agus ar Láimhsiú na Oidhreacht Dúchasach Tógtha Againne (2021) |
| | Oibriú le húinéirí/áititheoirí na talún agus leis an bpobal d'fhonn tacaíocht a thabhairt do chaomhnú, do chothabháil, do chosaint agus do chur chun cinn na séadchomharthaí agus na suíomhanna stairiúla agus d'fhonn Ciste Séadchomharthaí an Pobail a riar i gcomhar le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta. |
| | |
| **Téama Straitéiseach 2** ***Obair leis na pobail agus tacaíocht a thabhairt dóibh*** | **Clár bliantúil** mealltach agus cuimsitheach le haghaidh **feasacht na oidhreachta** a eagrú agus a chur ar fáil (*deich n-imeacht in aghaidh na bliana mar aidhm*) chun oidhreacht na Mí a cheiliúradh agus chun á n-ailíniú le príomhdátaí náisiúnta agus idirnáisiúnta na hoidhreachta, lena n-áirítear:<br>• **Ócáid bhliantúil na hoidhreachta** a fheidhmíonn mar bhuachphointe an líonraithe, tógáil na n-acmhainne do ghrúpaí oidhreachta/na bpobal áitiúil, agus scaipeadh an eolais ar thionscadail na hoidhreachta, ar dheontais agus ar fhoilseacháin<br>• **Seachtain na hOidhreachta** a chomhordú i gContae na Mí chomh maith lena seachadadh a thacú<br>• **Rannóg na hoidhreachta ar shuíomh Gréasáin www.meath.ie** a chothabhail agus a huasdátú mar |

DRÉACHT

| | |
|---|---|
| | phríomhacmhainn scaipthe eolas na hoidhreachta agus chun obair Fhóram Oidhreachta an Chontae agus seachadadh an phlean a chur in iúl |
| | I gcomhar le hAonad na Cumarsáide (CCM), **plean** nuálaíoch, mealltach agus cuimsitheach um **chumarsáid na hoidhreachta** a fhorbairt chun teacht ar tuilleadh lucht féachana agus an rannpháirtíocht agus an teagmháil leis na lucht féachana nua a mhéadú d'fhonn an fheasacht ar ár n-oidhreacht, an spéis inti agus an léirthuiscint uirthi a leathnú. |
| | An tacaíocht do **Scéim Deontais Oidhreachta an Phobail** de chuid Chomhairle Contae na Mí a mhéadú chun cabhrú le grúpaí agus eagraíochtaí na bpobal áitiúil agus chun an comhobair a spreagadh idir na grúpaí d'fhonn tabhairt faoi thionscadail áitiúla na hoidhreachta . |
| | **Eolaíocht an tsaoránaigh agus tionscadail na hoidhreachta áitiúla/an taifeadta** – m.sh. an seanchas, toibreacha naofa, ainmneacha na bpáirceanna, an oidhreacht thionsclaíoch, an oidhreacht dhúchasach, taifeadadh na leaca uaighe, bailiú sonraí na bithéagsúlachta, bonn eolais áitiúil a bhailiú ar thionchar athrú na haeráide, tionscadail idirghlúine agus idirchultúrtha na hoidhreachta srl - **a spreagadh, a chothabhail agus tuilleadh deiseanna a thabhairt dóibh** |
| | Oibriú i gcomhar le heagraíochtaí na Gaeilge agus na n**Gaeltachtaí sa Chontae** chun cláir na hoidhreachta as Gaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. |
| | Dul i ngleic leis na pobail agus tacú leo agus iad ag glacadh páirte i g**Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara**, i **Mórtas as an Áit Dúchais**, san **Entente Florale** agus **i scéimeanna, i** |

| | |
|---|---|
| | **dtionscadail nó i dtionscnaimh ábhartha eile** (san oidhreacht thógtha, in oidhreacht an dúlra agus san oidhreacht chultúrtha) |
| | **Dul i ngleic leis na cleachtóirí,leis na pobail agus leis na geallsealbhóirí chun tacú le caomhnú, forbairt agus cur chun cinn na hoidhreachta chultúrtha dobhraite againne** |
| | |
| **Téama Straitéiseach 3** ***An Oidhreacht agus Athrú na hAeráide*** | Obair i gcomhar leis an bhFoireann um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide chun gníomhartha na hoidhreachta a chomhcheangal agus a chur i bhfeidhm laistigh den **Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide de chuid an Údarás Áitiúil** |
| | Tabhairt faoi athbhreithniú ar **Príomhacmhainní na hOidhreachta agus an Chultúir atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae na Mí** d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an riocht agus ar an leochaileacht acu maidir le tionchair athrú na haeráide orthu agus bonn fianaise a chur le chéile le haghaidh tabhairt faoi oibreacha ar ardtosaíocht an chaomhnaithe chun athléimneacht na haeráide a fhorbairt |
| | Tacaíocht a thabhairt don chur i bhfeidhm ag na hÚdaráis Áitiúila/ag na gníomhartha ábhartha maidir leis an b***Plean Earnála um Oiriúnú d'Athrú Aeráide don Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta (2019)*** agus leis an b***Plean Earnála na Bithéagsúlachta um Oiriúnú d'Athrú na hAeráide (2019)*** |
| | An athléimneacht a chothú sna pobail maidir le dul in oiriúint do thionchar athrú na haeráide ar acmhainní na hoidhreachta mar a bhaineann sé leis an oidhreacht tríd:<br>• an tionchair ar an oidhreacht agus na hidirnaisc idir oidhreacht an dúlra agus chultúrtha a thaifeadadh agus a chatalógú, |

DRÉACHT

| | |
|---|---|
| | • an eolas áitiúil a cheangal le taighde agus leis an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus trí mhalartú/aistriú an eolais idir na leibhéil seo a chinntiú<br>• an bhfoghlaim, an mbreisoiliúint agus an teicneolaíocht ghiarála a chothú chun sreafaí na faisnéise agus an ghníomhaíocht a uasmhéadú |
| | |
| **Téama Straitéiseach 4** ***Bithéagsúlacht agus Oidhreacht an Dúlra*** | Oifigeach Bithéagsúlachta a cheapadh mar chuid de Chlár Oifigeach Áitiúil na Bithéagsúlachta i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta agus leis na Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra/RTRÁO. |
| | Athbhreithniú a dhéanamh ar **Phlean Gníomhaíocht na Bithéagsúlachta de chuid Chontae na Mí** agus gníomhartha a chur i bhfeidhm chun an bhithéagsúlacht áitiúil a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú |
| | An **Plean Pailneora Uile-Éireann** a chur i bhfeidhm mar chuid den chomhaontú comhpháirtíochta againne leis an Lárionad Náisiúnta um Shonraí na Bithéagsúlachta |
| | An dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le bainistiú agus rialú na **Speiceas Ionrach** |
| | **Iniúchadh a dhéanamh ar thailte faoi úinéireacht na Comhairle** chun suíomhanna a aithint a bhféadfadh deiseanna na bithéagsúlachta a bheith acu |
| | Tacaíocht a thabhairt d'ullmhú agus do chur i bhfeidhm **Pleananna Gníomhaíocht Bithéagsúlachta an Phobail** |
| | |

DRÉACHT

| | |
|---|---|
| **Téama Straitéiseach 5** ***Comhpháirtíocht agus Comhoibriú*** | Oibriú i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta chun tacú le cur i bhfeidhm ***An Áit Againne i dTráth na Staire\|Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028*** |
| | Oibriú i gcomhar leis na geallsealbhóirí chun tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm *Chreat Taighde an tSuímh Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne* agus ***Plean Bainistíocht an tSuímh Oidhreachta Domhanda Brú na Bóinne*** chun Ionad Oidhreachta Domhanda EOECNA Brú na Bóinne a chur chun cinn, a thuiscint, a chaomhnú agus a bhainistiú. |
| | Oibriú mar chuid d'Fhoireann Cultúir Chomhairle Contae na Mí chun ***Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta na Mí 2023-2027*** a chur i bhfeidhm i gcomhpar le h**Éire Ildánach** agus dul i dteagmháil le healaíontóirí agus leis an lucht cruthaitheach chun an scéal faoi acmhainn shaibhir na hoidhreachta sa Mhí a spreagadh agus a insint. |
| | Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an ***Phlean Bainistíochta um Chaomhnú na Teamhrach*** agus leanúint ar aghaidh ag obair leis na comhpháirtithe agus leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir chun **Suíomhanna Ríoga na hÉireann** a chur chun cinn, (Eamhainn Mhacha i gContae Ard Mhacha, Ráth Cruachan i gContae Ros Comáin, Teamhair i gContae na Mí, Dún Ailinne i gContae Chill Dara, Carraig Phádraig i gContae Tiobraid Árann agus Uisneach i gContae na hIarmhí) chun chabhrú lená n-aimníu ar Liosta Oidhreacht Domhanda an EOECNA |
| | Teagmháil a bhunú le húdaráis áitiúla eile agus oibriú i gcomhar leo  ar chomhcheisteanna na hoidhreachta |

DRÉACHT

| | |
|---|---|
| | Oibriú le geallsealbhóirí na dtionscadal agus leis an bpobal áitiúil chun **Clár Cheanannais um Chruthú na gCeantar** a chur i bhfeidhm |
| | Oibriú i gcomhar leis na geallsealbhóirí chun Contae na Mí a chur chun cinn agus a fhorbairt mar ionad oideachas na hoidhreachta agus mar **ionad na turasóireachta chultúrtha** |
| | Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm pleananna agus tionscnamh náisiúnta na hoidhreachta – m.sh. ***Oidhreacht na hÉireann 2030*** agus Plean Náisiúnta na Bithéagsúlachta |
| | |
| **Téama Straitéiseach 6** ***Taighde, Bailiú na Sonraí, Cláir na hOiliúna agus an Oideachais*** | **Treoir agus oiliúint an dea-chleachtais** a chur chun cinn maidir le caomhnú agus bainistiú hacmhainní oidhreachta na Mí laistigh den údarás áitiúil agus den phobal m.sh. eolas agus scileanna na tógála traidisiúnta a spreagadh agus a chur chun cinn (ar nós saoirseacht cloiche, obair aoil, obair thuíodóra, obair ghabha, cur i bhfeidhm an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí srl.) |
| | Tacaíocht a thabhairt do **Chartlann Chontae na Mí** maidir le cúram agus caomhnú na mbailiúchán |
| | **Sonraí agus faisnéis reatha na oidhreachta a scaipeadh** ar lucht spéise fairsing agus tabhairt faoi shuirbhéanna/faoi thionscadail má aimsítear easpa na faisnéise |
| | **Taifid na hoidhreachta,** na bunachair sonraí agus na tuarascálacha **atá ar fail a dhigitiú** agus a chomhrangnú ar **Chóras Faisnéise Tíreolaíochta (GIS)/ar Shuíomh Gréasáin na Comhairle** |

DRÉACHT

| | |
|---|---|
| | Oibriú i gcomhart le hinstitiúidí tríú leibhéal, le Clár na Fionnachtana, le grúpaí an phobail agus leis na geallsealbhóirí eile chun deiseanna na **taighde nuálaíocha, tionscadail/tionscnaimh for-rochtain na hoidhreachta/an oideachais agus na taighde agus na bhfoilseachán bunaithe ar an bpobal a fhorbairt agus a chur chun cinn.** |
| | Oibriú i gcomhar le hIonad Oideachais na hUaimhe chun oideachas na hoidhreachta a fhorbairt trí thionscadail agus trí thionscnaimh áitiúla atá ceangailte le príomhréimsí na tosaíochta sa bhunoideachas agus san iarbhunoideachas. |
| | |
| **Téama Straitéiseach 7**<br>***Acmhainní a Chur ar Fáil don Oidhreacht*** | **Buiséad bliantúil na hoidhreachta** a chur le chéile chun Plean Straitéiseach na hOidhreachta a chur i bhfeidhm agus **deiseanna maoinithe náisiúnta agus/nó de chuid an AE a fhiosrú,** b'fhéidir i gcomhar le comhpháirtithe eile, ar bhonn réigiúnach nó trasteoran |
| | Ceapachán gairmí oidhreachta lánaimseartha breise agus foireann riaracháin tacaíochta a lorg laistigh de Chomhairle Contae na Mí a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar na héilimh reatha agus amach anseo ar sheirbhísí na hoidhreachta agus chun an plean straitéiseach seo chomh maith leis an bpríomh-reachtaíocht agus leis an mbeartas náisiúnta a chur chun feidhme (faoi réir: (a) cead an rialtais náisiúnta maidir le poist foirne a líonadh; agus (b): an dóthain hacmhainní buiséadacha a bheith ar fáil d'fhonn tuarastal aon phost foirne ceadaithe a íoc):<br>**Oifigeach Cúnta Oidhreachta**<br>• Oibriú leis an Oifigeach Oidhreachta chun an fheasacht a ardú, chun chomhairle a chur ar fáil, chun an beartas a fhorbairt/a chur i bhfeidhm, chun na sonraí a bhailiú, chun an taighde a dhéanamh agus chun an dea- |

| | |
|---|---|
| | chleachtas a chur chun cinn d'fhonn aird a thabhairt ar thábhacht na hoidhreacht agus á cosaint.<br>• Tacú le seachadadh *Phlean Straitéiseach Oidhreachta na Mí 2023-2030*<br>• Cabhrú le tionscnaimh oideachas agus oiliúint na oidhreachta a sheachadadh agus cuidiú le rannpháirtíocht an phobail in imeachtaí, I dtionscadail agus I dtionscnaimh na hoidhreachta a éascú<br><br>**Oifigeach Cúnta Caomhnaithe**<br>• Oibriú le hOifigeach an Chaomhantais chun oidhreacht ailtireachta an chontae a chosaint agus chun forálacha Chuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) a chur i bhfeidhm -<br>• Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm scéimeanna deontas an chaomhantais<br>• Comhairle a chur ar fáil don phobal i gcoitinne maidir le ceisteanna na hoidhreachta tógtha, le nótaí treorach a chur le chéile agus le tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht an phobail in imeachtaí, tionscadail agus tionscnaimh oidhreacht na hailtireachta a éascú.<br><br>**Seandálaí Pobail2 (i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta)**<br>• Teagmail a dhéanamh le húinéirí agus áititheoirí na séadchomharthaí, leis na údaráis áitiúil agus leis na gníomhaireachtaí eile chun comhairle a thabhairt maidir le riocht na séadchomharthaí seandálaíochta agus le bearta cuí na bainistíochta a chur chun cinn<br>• Tionscnaimh feasacht agus oideachais an pobail  a chur le chéile<br>• Oibriú leis na bunscoileanna agus leis na hiar-bhunscoileanna chun tionscadail an oideachais a fhorbairt |

DRÉACHT

| | |
|---|---|
| | **Éiceolaí**<br>• Measúnú Cuí a dhéanamh ar phróiseas bainistíocht na forbartha agus tacaíocht agus comhairle éiceolaíochta a chur ar fáil don Roinn Pleanála.<br>• Measúnachtaí Tionchair Éiceolaíochta chomh maith le codanna ábhartha de Mheasúnuithe Tionchair na Timpeallachta a mheas<br>• Comhairle a thabhairt ar Mheasúnú Cuí agus ar Mheasúnú Straitéiseach na Timpeallachta do phleananna agus do bheartais úsáid na talún<br>• Teagmháil a dhéanamh le Ranna eile laistigh den chomhairle agus tacaíocht éiceolaíoch a chur ar fáil dóibh<br><br>**Ailtire Tírdhreacha**<br>• Tacaíocht a thabhairt do phleanáil, do dhearadh agus do bhainistiú na bpáirceanna poiblí, na spásanna faoin aer, na bhfearann poiblí, an tírdhreacha deartha agus an athnuachain uirbigh<br>• Cur le forbairt na réiteach atá bunaithe ar an dúlra agus le bainistiú na n-acmhainní nádúrtha mar chuid den ghníomhaíocht ar son na haeráide lena n-áirítear bainistíocht na gcrann<br>• Cuidiú le measúnú agus le tuairisciú ar iarratais phleanála agus le forbairt beartas na talamhúsáide<br>• Teagmháil a dhéanamh le Ranna eile na Comhairle agus comhairle tírdhreacha a chur ar fail dóibh<br><br>**Céimí Cumarsáide**<br>• Cabhrú le bainistíocht na meán sóisialta, na |

DRÉACHT

| | |
|---|---|
| | suíomhanna Gréasáin agus bealaí eile na cumarsáide<br>• Bainistíocht na n-imeachtaí<br>• Gníomhaíochtaí agus feachtais for-rochtana a fhorbairt chun tionscadail agus tionscnaimh a chur chun cinn |
| | Scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun an oidhreacht a chur chun cinn agus chun an caipiteal sóisialta á bhunú agus á fheabhsú[2] |

DRÉACHT

**Cur i bhfeidhm – conas a dhéanfar á sheachadadh**

Tá seacht dtéama straitéiseach sa dréachtstraitéis agus sna cuspóirí straitéiseacha lena baineann lená cur i bhfeidhm thar an tréimhse idir na blianta 2023 agus 2030. Ba mhór an spreagadh d'Fhóram Oidhreachta an Chontae líon na n-aighneachtaí réamhdhréachta a bhfuarthas ón bpobal (306 san iomlán) a léirigh an mian agus an toilteanas láidir.acu páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm tionscadail na hoidhreachta. Nuair is féidir á dheanamh, glacfar gach deis chun oibriú i gcomhar le comhpháirtithe laistigh agus lasmuigh den chontae agus chun comhoibriú leis na pobail áitiúla agus leis an earnáil bhríomhar dheonach agus an phobail chun gníomhartha a sheachadadh a thugann aghaidh ar chuspóirí na straitéise.

Ina gcuid díospóireachtaí, thug Fóram Oidhreacht an Chontae chun solais go mbeadh gá le hacmhainní méadaithe (daonna agus airgeadais) chun an straitéis a chur i bhfeidhm agus mhol siad go gceapfaí tuilleadh gairmithe oidhreachta lánaimseartha chomh maith le foireann riaracháin tacaíochta laistigh den chomhairle chun aghaidh a thabhairt ar na héilimh reatha agus le teacht. ar sheirbhísí na hoidhreachta (faoi réir chead a fháil ón rialtais do na poist agus d'infhaighteacht an dóthain acmhainní buiséadacha). Admhaíonn an Fóram gur ábhar oibriúcháin do Chomhairle Contae na Mí é tuilleadh foireann a chur ar fáil. Sa chomhthéacs sin áfach, go luath in 2023 faomhadh Comhairle Contae na Mí maoiniú a fháil ón gComhairle Oidhreachta chun páirt a ghlacadh i gCéim 2 de Chlár Oifigeach Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil. Is tionscnamh de chuid na Comhairle Oidhreachta é Clár Oifigeach Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil i gcomhar le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC), arna

[2] Séard a thuigtear sa chaipiteal sóisialta ná caidrimh agus na líonraí mar acmhainní a chuireann ar chumas na ngrúpaí oibriú go héifeachtach i gcomhar lena chéile

mhaoiniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá Oifigeach Bithéagsúlachta ceaptha ag Comhairle Contae na Mí a rachaidh i mbun an phoist go luath. Is forbairt an-dearfach agus suntasach é seo agus cuirfidh sé go mór leis an gcumas chun feasacht, tuiscint agus caomhnú na bithéagsúlachta sa Mhí a mhéadú.

Ag obair i gcomhar le Fóram Oidhreachta na Mí, déanfaidh Foireann Oidhreachta de chuid Chomhairle Contae na Mí, maoirsiú agus treoir ar chur i bhfeidhm Straitéis Oidhreachta na Mí 2023-2030. Cuirfidh Comhairle Contae na Mí agus an Chomhairle Oidhreachta bunmhaoiniú ar fáil chun an straitéis a chur i bhfeidhm. Ullmhófar Pleananna Bliantúla um Sheachadadh na Seirbhíse de réir Phlean Corparáideach Chomhairle Contae na Mí a áireoidh na gníomhartha chun cuspóirí laistigh den straitéis a sheachadadh de réir na tosaíochtaí reatha. Bainfear úsáid as plean oibre bliantúil seo na hoidhreachta chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú do thionscnaimh/tionscadail éagsúla ón gComhairle Oidhreachta agus ó chomhpháirtithe eile de réir mar a thagann deiseanna chun cinn, lena n-áirítear Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta/An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta); Éire Ildánach; An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe -RRDF, An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach-URDF, Scéim Bonneagar an Fóillíochta faoin Aer - ORIS, CLÁR, Athnuachan na mBailte agus na Sráidbhailte, LEADER). Scrúdófar deiseanna an mhaoinithe náisiúnta agus/nó an AE, b'fhéidir i gcomhar le comhpháirtithe eile, ar bhonn réigiúnach nó trasteorann.

**Monatóireacht agus Measúnú**

Tá Comhairle Contae na Mí, i gcomhar le Fóram Oidhreachta an Chontae, geallta le seachadadh na straitéise. Déanfaidh Foireann Oidhreachta Chontae na Mí fheidhmiú laethúil Straitéis Oidhreachta Chontae na Mí a chomhordú agus a bhainistiú. Déanfaidh Fóram na hOidhreachta monatóireacht ar dhul chun cinn sheachadadh na straitéise ag na chruinnithe ráithiúla aige.

DRÉACHT